C/2026/4359

11.8.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12473 — BLACKSTONE / NORLYS / EWH / EUROWIND ENERGY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4359)

1. An 31 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Blackstone Inc. ('Blackstone', na Stáit Aontaithe),

— Norlys a.m.b.a. ('Norlys', an Danmhairg),

— EWE Holding ApS ('EWH', an Danmhairg).

Gheobhaidh Blackstone, Norlys agus EWH rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Eurowind Energy A/S ('EWE', an Danmhairg), atá faoi rialú comhpháirteach Norlys agus EWH faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha é Blackstone,

— Tá Norlys gníomhach i dtáirgeadh agus miondíol leictreachais, i soláthar réiteach 'cumhacht go X', agus sa teileachumarsáid,

— Is eintiteas sealbhaíochta é EWH do stiúrthóirí agus fostaithe EWE. Níl aon ghníomhaíocht eile aige.

3. Tá EWE gníomhach i bhforbairt, tógáil agus oibriú feirmeacha gaoithe agus gréine san Eoraip, mórdhíol leictreachais, soláthar cothromúcháin leictreachais agus seirbhísí coimhdeacha, agus i bhforbairt bithgháis, réiteach 'cumhacht go X' agus réiteach ceallraí.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12473 — BLACKSTONE / NORLYS / EWH / EUROWIND ENERGY

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË